ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

Tadhg O'Donoghue

Tá Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2006 á gcur i láthair ag an mBord de réir fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú).

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Táim sásta a thuairisc go raibh feidhmíocht airgeadais BSL láidir sa bhliain 2006, d'ainneoin dúshláin mhóra ghnó. Ba €223 milliún an brabús tar éis cánach i 2006. Is é mo thuairim go raibh an toradh seo sásúil, cé go bhfuil sé €18 milliún níos ísle ná 2005, agus sinn ag coinneáil cuimhne ar thionchar an athbhreithnithe rialála agus an t-ardú 40% i gcostais fuinnimh an Ghrúpa i 2006. Léiríonn na príomhtháscairí airgeadais go bhfuil BSL fós láidir ó thaobh airgeadais de, go háirithe maidir le leibhéil fiachais, clúdach úis agus giaráil. Tá an Bord diongbháilte an polasaí seo de bhainistiú stuama airgeadais a chothabháil.

FEIDHMÍOCHT OIBRIÚCHÁIN

B'ionann agus 78% inúsáideacht stáisiún cumhachta i 2006 i gcomparáid leis an sprioc de 82% go háirithe de bharr fadhbanna a bhain le fearais as dáta. As punainn iomlán Ghiniúint Chumhachta BSL de 4,651 MW gintear 1300 MW de seo i sean-stáisiúin chumhachta neamh-éifeachtacha a dhúnfadh BSL dá mbeadh cead againn gníomhú ar bhonn tráchtála amháin. Tá d'iallach ar BSL, áfach, leanúint ar aghaidh ag oibriú na stáisiún seo ar mhaithe le sábháilteacht soláthair. Dá fhad is a bheadh an cás amhlaidh ba mhó an costas iarmhartach airgeadais agus oibriúcháin do BSL.

Tar éis dheireadh na bliana fuair Giniúint Chumhachta BSL na formheasa deireanacha chun stáisiún giniúna gásadhainte nua 430 MW a thógáil ag Áth Fhada, i gCo Chorcaí. Bhí fáilte roimh an toradh seo a chuireann ar chumas BSL athnuachan sean-fhearas a phleanáil. De bharr na gcoinníollacha teorantacha a théann leis na formheasa seo, áfach, tabharfaidh an infheistíocht seo, ar bhonn neamhspleách, leas eacnamaíoch imeallach don Chuideachta.

Sa bhliain atá faoi chaibidil, chuir Gréasáin BSL 105,127 nasc nua i gcríoch – curiarracht eile. Freisin i 2006, cuireadh an clár sé bliana chun 63,000 cileaméadar de ghréasáin mheánvoltais a athchóiriú agus a uasghrádú i gcríoch in am agus de réir bhuiséid ar chostas iomlán de €870 milliún. Is mian liom aitheantas a thabhairt don éacht mór seo. Tá clár nua seolta ag Gréasáin BSL anois chun an gréasán leithdháilte ísealvoltais a athchóiriú – an chuid sin den chóras a sheachadann leictreachas go díreach don chustaiméir.

Lean Soláthar Custaiméirí BSL ar aghaidh i rith na bliana lena sheirbhís a fheabhsú don tuairim is dhá mhilliún custaiméir atá aige agus bhunaigh an Bord Coiste Margaidh agus Custaiméirí chun an obair sin a mhaoirsiú. Chonacthas gnólachtaí agus custaiméirí móra eile ag bogadh chuig soláthróirí eile le hoscailt iomlán an mhargaidh. Mar sin féin,

tá Soláthar Custaiméirí BSL fós mar an príomhsholáthróir d'fhormhór na gcustaiméirí baile sa Stát.

FÁS AGUS LEATHNÚ

Caithfidh gach cuideachta fás má tá luach saothair le fáil ag a cuid custaiméirí, má tá sí chun freastal ar a custaiméirí agus foireann ardchaighdeáin a mhealladh. Is mar gheall air sin atá straitéis ceadaithe ag an mBord chun aghaidh a thabhairt ar an titim éigeantach ar mhargadh baile trí infheistíocht a dhéanamh lasmuigh dár margadh traidisiúnta, go háirithe i stáisiúin chumhachta i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain agus sa Spáinn. I dTuaisceart Éireann bhí deacrachtaí suntasacha oibriúcháin ag an stáisiún cumhachta ar le BSL Idirnáisiúnta é ag Cúl na gCaorach. Tá dul chun cinn maith déanta á réiteach siúd ach ní foláir tabhairt faoi cheisteanna fadtéarmacha freisin i gcomhair le déantúsóir an fhearais. Leanann an comhfhiontar stáisiún cumhachta ESBI/Osaka Gas ag Amorebieta sa Spáinn ag feidhmiú go sármhaith. Tá ESBI tar éis conradh comhfhiontair le Scottish & Southern Energy plc a dhéanamh chun saoráid chomhthimthrialla 840 MW a fhorbairt ag Marchwood i ngar do Southampton. Ba chóir go gcruthódh na hinfheistíochtaí nua seo sciar in ioncaim agus i mbrabús sna blianta atá le teacht a bheadh ag méadú agus ag méadú.

DÚSHLÁIN GHNÓ

De réir aidhmeanna polasaithe, lean sciar BSL den mhargadh ag titim i 2006 agus 50% dá margaí faoi seach ag Giniúint Chumhachta BSL agus ag Soláthar Custaiméirí BSL. Leanfaidh an titim seo de sciar an mhargadh ar aghaidh nuair a chuirfear tús leis an Margadh Leictreachais Aonair atá beartaithe do Shamhain na bliana 2007 nuair a thitfidh sciar margaidh Ghiniúint Chumhachta BSL go 33%.

Tugann an laghdú gnó mór seo rioscaí agus dúshláin shuntasacha do BSL atá déanta níos measa ag conarthaí ceannach leictreachais fadthéarmacha atá déanta ag BSL le gineadóirí neamhspleácha, mar chuid den samhail rialaithe nua. Gan buntáiste na gconarthaí tosaithe seo le BSL ní bheadh sé ar chumas na stáisiún nua neamhspleácha tosú. Tá luach iomlán 2.5 billiún in airgeadra an lae inniu ag na conarthaí seo agus is nochtadh suntasach iad do BSL le roinnt mhaith blianta sa todhchaí.

Maidir le harduithe praghsanna tá dualgas ar BSL cumarsáid a chothú le húsáideoirí leictreachais nach ann ach imreoir amháin é sa mhargadh. Caithfear a thuiscint go soiléir nach é BSL a thiomáineann arduithe praghsanna go heisiacha nó fiú go príomha. Is é an Rialtóir neamhspleách a chinneann praghsanna agus tagtar orthu chun tosaitheoirí nua a mhealladh agus a chúiteamh. Go fírinneach, faoi láthair níl cead ag BSL leictreachas a dhíol lena chustaiméirí ar phraghas níos lú ná mar atá socraithe ag an Rialtóir. A luaithe agus a bhaintear an srian seo is ea a fheadfar na héifeachtachtaí agus na coigiltí a thuill BSL le blianta beaga anuas, chomh maith le laghdú i gcostais breosla, a thabhairt dár gcustaiméirí.

I 2007 cruthóidh an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) margadh leictreachais mórdhíol amháin thuaidh agus theas. Má thugtar faoi i gceart ba chóir go mbeadh mar thoradh ag an SEM ná laghdú i bpraghsanna don tomhaltóir.

Agus seo á scríobh, tá an Páipéar Bán ar Pholasaí Fuinnimh, a raibh súil leis le fada, seolta ag an Aire ina bhfuil réimse moltaí spreagúla fáilteacha don earnáil fuinnimh. Cibé ar bith, tabharfaidh moltaí áirithe, a bhaineann go sainiúil le BSL, dúshláin shuntasacha, go sonrach an moladh le bonn sócmhainní na Cuideachta a laghdú níos mó ná aon bhilliún euro trí aistriú an ghréasán leithdháilte go dtí an chuideachta státurraithe Eirgrid agus an moladh chun an samhail gnó a athrú go radacach dár ngnó Gréasáin trí bhogadh go rátaí thoradh agus díbhinní níos ísle dár stocshealbhóirí.

AN BORD, STOCSHEALBHÓIRÍ AGUS AN FHOIREANN

Chuaigh tearmaí triúr comhaltaí boird ar oibrithe iad - John McGinley (comhalta boird ó 1995), Pat Smith (comhalta boird ó 1999) agus Eamonn Connolly (comhalta boird ó 2003) in éag ag deireadh na bliana 2006. Chuir gach duine de na comhaltaí boird sin a gcuid féin, cuid ar bhain fiúntas leis, leis an gCuideachta. Fáiltím freisin roimh an gceathrar comhaltaí boird nua ar oibrithe iad John Nugent, Bobby Yeates, Tony Merriman agus John Coleman. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe Boird go léir as an méid a rinne siad i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus lena n-oifigigh faoi seach, as a gcabhair leanúnach i rith na bliana. Tréaslaím leis na bainisteoirí agus leis an bhfoireann. Tá go leor bainte amach acu agus spriocanna uaillmhianacha seachadta acu.

Tadhg O'Donoghue
Cathaoirleach
19 Aibreán 2007